An Coimisiún Eorpach

# BUISÉAD AE DON TODHCHAÍ

#EUBudget #EURoad2Sibiu #FutureofEurope

2 Bealtaine 2018

# AN CLAOCHLÚ DIGITEACH

## CÉN FÁTH A bhFUIL TOSAÍOCHT Á TABHAIRT DON RÉIMSE SEO?

Is leis an gclaochlú digiteach, thar rud ar bith eile, a chuirfear borradh faoin bhfás san Eoraip san am amach romhainn.


Le cláir ar leith agus maoiniú spriocdhírithe, beidh buiséad fadtéarmach nua an Aontais Eorpaigh in ann cabhrú leis an mbearna san infheistíocht dhigiteach san Aontas a líonadh, ceantair iargúlta thuaithe san áireamh. Rachfar i ngleic le dúshláin dhigiteacha, mar shampla an intleacht shaorga, cur chun cinn scileanna digiteacha, leigheas pearsantaithe atá bunaithe ar áirimh sár-ríomhairí agus acmhainn an Aontais é féin a chosaint ar chibear-ionsaithe agus cibearchoireacht.

## CAD A CHIALLAÍONN SIN Ó THAOBH COSTAIS DE?

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún **clár nua don Eoraip Dhigiteach** a bhunú ag a mbeidh buiséad **€9.2 billiún** chun an claochlú digiteach ar shochaí agus ar gheilleagar na hEorpa a mhúnlú agus a chothú.

Tá buiséad **€3 bhilliún** ag an snáithe digiteach den **tSaoráid um Chónascadh na hEorpa** agus is tríd an snáithe sin a mhaoineofar an bonneagar nascachta digití.

**Infheistíocht sa todhchaí**




*Foinse:* An Coimisiún Eorpach

*Nóta:* I gcomparáid le Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020, AE-27 (meastachán)

# GNÉITHE NUA ATÁ SNA TOGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN

Agus buiséad €9.2 billiún ag an **gclár nua don Eoraip Dhigiteach**, múnlófar agus tacófar le claochlú digiteach na hEorpa ar mhaithe le saoránaigh agus gnólachtaí. Anseo thíos tá roinnt samplaí de na tionscnaimh a mhaoineofar faoin gclár.

## MOIL NUÁLAÍOCHTA DIGITÍ A MHÉADÚ CHUN AN LEAS IS FEARR A BHAINT AS AN INTLEACHT SHAORGA

Ní bhainfear an tairbhe iomlán as an ngeilleagar sonraíbhunaithe go dtí go nglacfaidh an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach leis an intleacht shaorga. Tá drogall ar ghnólachtaí infheistiú san intleacht shaorga mar gheall ar an gcostas a bhaineann léi agus ar an easpa deiseanna chun triail a bhaint aisti. Is céim riachtanach é a chinntiú go bhfuil saoráidí agus saineolas ar fáil agus go bhfuil siad in aice láimhe. Bealach amháin chun sin a dhéanamh is ea iad ionaid inniúlachtaí réigiúnacha ina bhféadfaí saineolas agus treoir a thabhairt maidir le tosú ar an intleacht shaorga a úsáid.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún ardáin oscailte agus “spáis choiteanna sonraí” le haghaidh na hintleachta saorga a chur ar fáil ar fud an Aontais i moil nuálaíochta digití, áit a gcuirfear saoráidí tástála agus eolas ar fáil do ghnólachtaí beaga agus nuálaithe áitiúla.

Tá Moil Nuálaíochta Digití ar cheann de phríomhghnéithe na straitéise maidir le Tionsclaíocht na hEorpa a Dhigitiú. Faoin gClár don Eoraip Dhigiteach, bheadh na moil ina n-ionaid ilfhreastail ina soláthrófaí an méid seo a leanas dá gcustaiméirí:

- Rochtain ar theicneolaíochtaí agus scileanna digiteacha,
- Bonneagar chun triail a bhaint as nuálaíochtaí digiteacha,
- Oiliúint chun scileanna digiteacha a fhorbairt,
- Comhairle maidir le maoiniú,
- Faisnéis mhargaidh agus
- Deiseanna líonraithe

## COMHAR EORPACH SA tSÁR-RÍOMHAIREACHT

Tá gá le ríomhairí ardfheidhmíochta, nó sár-ríomhairí, chun níos mó sonraí ná riamh a phróiseáil agus buntáistí a chruthú don tsochaí in go leor réimsí, ó chúram sláinte agus fuinneamh in-athnuaite go sábháilteacht carranna agus cibearshlándáil.

Leis an gClár nua don Eoraip Dhigiteach, neartófar ríomhaireacht ardfheidhmíochta agus acmhainní próiseála sonraí an Aontais agus cinnteofar go n-úsáidfear go forleathan iad i réimsí amhail an tsláinte, an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus an tslándáil.

Ní leor acmhainní reatha an Aontais chun freastal ar an éileamh méadaitheach ag eolaithe agus ag earnáil tionsclaíochta na hEorpa a mbíonn orthu a gcuid sonraí a phróiseáil lasmuigh den Aontas mar nach bhfuil an t-aga ná an fheidhmíocht ríomhaireachta atá le fáil san Aontas ag teacht lena riachtanais. Faoi láthair, soláthraíonn earnáil tionsclaíochta na hEorpa timpeall 5 % d’acmhainní sár-ríomhaireachta an domhain ach ídíonn sí an tríú cuid díobh.

**Infheistiú sa ríomhaireacht ardfheidhmíochta (AE)**

60 % de leibhéal SAM



**Ríomhchumhacht iomlán**

25 % de leibhéal SAM




Is é is aidhm leis an gClár don Eoraip Dhigiteach bonneagar sár-ríomhaireachta agus sonraí den chéad scoth a chur ar bun ag a mbeidh acmhainní eacsascálaithe (billiún billiún (nó $10^{18}$) ríomh sa soicind) faoin mbliain airgeadais 2022/2023, agus saoráidí iar-eacsascálaithe faoin mbliain airgeadais 2026/2027, rud a chuirfeadh soláthar neamhspleách iomaíoch teicneolaíochta dá chuid féin ar fáil don Aontas, agus a bhainfeadh barr feabhais amach maidir le feidhmchláir agus a leathnódh infhaighteacht agus úsáid na sár-ríomhaireachta.

## INFHEISTIÚ I SCILEANNA DIGITEACHA MHUINTIR NA hEORPA

Leis an gClár don Eoraip Dhigiteach, tabharfar deis do mhic léinn agus do shaineolaithe teicneolaíochta oiliúint a fháil sna hardteicneolaíochtaí digiteacha, amhail an anailísíocht sonraí, an róbataic, an intleacht shaorga, an teicneolaíocht bhlocshlabhra, an chibearshlándáil agus an ríomhaireacht ardfheidhmíochta. Cuirfear ar fáil dóibh sainchúrsaí agus intéirneachtaí i ngnólachtaí a bhaineann feidhm as ardteicneolaíochtaí.

**Tá an t-éileamh ar speisialtóirí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide ag méadú go gasta.**

Sa todhchaí, beidh scileanna digiteacha de dhíth i **naoi gcinn as gach deich bpost**.



San am céanna, níl bunscileanna digiteacha ag **169 milliún Eorpach idir 16 agus 74 bliana d'aois (44 %)**.

## LÍONRAÍ DIGITEACHA AN-ARDTOILLTE A FHORBAIRT

Faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus an Clár don Eoraip Dhigiteach, forbrófar líonraí digiteacha an-ardtoillte agus na seirbhísí digiteacha nuálacha a mbaineann leo, an t-iompar cónasctha san áireamh. Cabhróidh sin, mar shampla, le Margadh Aonair Digiteach a chruthú ina mbeidh gluaisteáin chónasctha a fhéadfaidh cumarsáid a dhéanamh le chéile nó ina mbeidh clúdach 5G gan bhriseadh i ngach limistéar uirbeach agus ar gach mórbhealach iompair trastíre.

## DUL I gCOMHAR LE CHÉILE CHUN CIBEAR-IONSAITHE A CHOMHRAC

Is iad na teicneolaíochtaí digiteacha cnámh droma gheilleagar na hEorpa – cuireann siad deiseanna nua ar fáil do shaoránaigh teagmháil a dhéanamh le chéile agus éascaíonn siad faisnéis a scaipeadh. Mar sin féin, tá rioscaí nua ann anois dá mbarr – tá oibreoirí stáit agus neamhstáit ag déanamh níos mó iarrachta de réir a chéile sonraí a ghoid, dul i mbun calaoise nó fiú amháin an bonn a bhaint ó rialtais.

**I bhfianaise luas agus raon na n-ionsaithe, ní féidir le haon tír dul i ngleic le dúshláin na cibearshlándála aisti féin.**

**4 000 ionsaí bogearraí éirice** sa lá

tharla ar a laghad **eachtra chibearshlándála amháin** ag **80 %** de ghnólachtaí an Aontais

tá **méadú faoi chúig** tagtha ar thionchar eacnamaíoch na cibearchoireachta le ceithre bliana anuas go fiú

Le hinfheistíocht ar leibhéal an Aontais, cinnteofar go mbeidh na Ballstáit in ann brath ar bhonneagar níos sláine don earnáil phoiblí agus don earnáil phríobháideach araon. Leis an gClár don Eoraip Dhigiteach, soláthrófar uirlisí, sonraí agus saineolas chun aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna leis na hionsaithe agus ar an gcaoi a scaipeann ionsaithe, chomh maith le modhanna chun iad a rianú agus a chosc.

**Feasacht agus eolas**

In ainneoin go bhfuil an bhagairt ag dul i méid, ní leor an fheasacht ná an fhaisnéis ar an gcibearshlándáil go fóill.



níl aon tuiscint ná aon bhuntuiscint ag **69 % de ghnólachtaí** ar cé chomh neamhchosanta atá siad ar an mbaol a bhaineann leis an gcibearshlándáil



níl aon mheastachán déanta ag **60 % de ghnólachtaí** ar na caillteanais airgeadais a d'fhéadfadh eascairt as cibear-ionsaí



mothaíonn **51 % de shaoránaigh na hEorpa** nach bhfuil siad ar an eolas faoi chibear-ionsaithe nó gur beag a n-eolas fúthu

## CAÍONNA EILE A nDÉANFAIDH AN BUISÉAD NUA DIFEAR SA RÉIMSE SEO?

- Faoin gcuspóir "Eoraip níos cónasctha" atá ag **Ciste Forbraíochta Réigiúnaí agus Ciste Comhtháthaithe na hEorpa**, forbraítear líonraí agus córais réigiúnacha chun iompar inbhuanaithe, eangacha cliste fuinnimh, cathracha cliste agus rochtain dhigiteach ardluais a chur chun cinn.
- Faoin gclár nua taighde agus nuálaíochta, **Fís Eorpach**, cumhdaítear an slabhra iomlán taighde agus nuálaíochta. Beidh gníomhaíochtaí suntasacha maidir le teicneolaíochtaí digiteacha san áireamh ann.
- Leis **an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa**, infheistítear i dtionscadail lena gcuirtear chun cinn an bonneagar nascachta digití atá ar leas na hEorpa i gcoitinne. Mar shampla, faoin gclár «WiFi4EU» tugtar dearbháin ar fiú €15 000 iad do bhardais chun baill theo Wi-Fi a bhunú in áiteanna poiblí, leabharlanna, iarsmalanna, páirceanna poiblí agus cearnóga san áireamh. Leis an tSaoráid sin, cinnteofar go mbeidh **naisc leathanbhanda atá dírithe ar an todhchaí** ag na príomhspreagthóirí socheacnamaíocha ar fad amhail scoileanna, ospidéil, moil iompair, príomhsholáthraithe seirbhísí poiblí agus fiontair dhlúthdhigiteacha faoi 2025.
- Faoi **InvestEU**, féadfar infheistiú san earnáil dhigiteach faoi na ceithre shnáithe a bheidh sa Chiste InvestEU nua, go háirithe i mbonneagair dhigiteacha, i gclaochlú digiteach gnólachtaí beaga, sa taighde ar theicneolaíochtaí digiteacha agus, ar deireadh, sa tacaíocht don gheilleagar sóisialta a bhaineann leas ag an gclaochlú digiteach.
- Faoi **Chiste Sóisialta na hEorpa+**, tabharfar tacaíocht ar mhaithe leis an lucht saothair a uas-sciliú agus a athoiliúint ionas go mbeidh sé ullamh le haghaidh na ndúshlán digiteach agus uathoibrithe nua.

## NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

| | |
|---|---|
| **02/05 2018** | **Pacáiste maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil tar éis 2020** |
| **06/06 2018** | **Tograí reachtacha earnála maidir le cláir chaiteachais** |
| **28-29/ 06/2018** | An Chomhairle Eorpach |
| **12/09 2018** | **Aitheasc an Uachtaráin Juncker faoi Staid an Aontais** |
| **18-19/ 10/2018** | An Chomhairle Eorpach |
| **13-14/ 12/2018** | An Chomhairle Eorpach |
| **21-22/ 03/2019** | An Chomhairle Eorpach |
| **09/05 2019** | Cruinniú Mullaigh Sibiu |

Print ISBN 978-92-79-84658-8 doi:10.2775/6388 NA-04-18-350-GA-C
PDF ISBN 978-92-79-84621-2 doi:10.2775/357385 NA-04-18-350-GA-N